


Gníomhaíochtaí Daltaí: Tógáil 16

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach “Tógáil 16” ar CD an Dalta.

Tógáil 16: Imlár agus Imchiorcal triantáin a thógáil, gan ach corr dhíreach agus compás a úsáid.



1. Ainmnigh lárphointí na mírlínte AB, BC agus AC.

2. Cén gaol atá idir an slíos AB agus an líne t?

3. Cén gaol atá idir an slíos BC agus an líne s?

4. Ainmnigh déroinnteoirí ingearacha AB agus BC.

5. Cad a thugtar ar an bpointe ag a mbuaileann an dá dhéroinnteoir ingearacha le chéile?


6. Ainmnigh an ciorcal arb é a gha an fad ó aon cheann de reanna an triantáin go dtí an t-implár?

7. Ainmnigh 3 mhírlíne a bhféadfaí imgha an imchiorcail sa chomhad idirghníomhach a thabhairt orthu (níl siad uile marcáilte ar an gcomhad idirghníomhach).

8. Bog na pointí A, B nó C agus déan cur síos ar a tharlaíonn.

9. Déan cur síos ar an tslí le himlár triantáin a aimsiú, agus tarraing imchiorcal triantáin.

10. Aimsigh imchiorcal an triantáin seo. Liostaigh na céimeanna sa tógáil.



11. Tá lucht eagrailthe rása ag iarraidh teacht ar áit don stáisiún garchabhrach. Ba mhaith leo go mbeadh sé ar comhfhad ó gach pointe ar an raon reatha. Raon reatha ciorclach atá ann. Tabhair comhairle dóibh faoin tslí lena dhéanamh.
